C/2025/3983

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Spáinne

(C/2025/3983)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([2]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith áirithe d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

([2]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Spáinn caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 30 Aibreán 2021, chuir an Spáinn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ([5]), a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 17 Deireadh Fómhair 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([6]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Spáinn. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Spáinne ([7]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 7 mbliana.

(6) An 26 Samhain 2024, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Spáinn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([8]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach,

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (10150/21; 10150/21 ADD 1 REV 1).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne (13695/23 REV 1; 13695/23 ADD 1 REV 1).

([7]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Spáinne (IO C, C/2025/643, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/643/oj).

([8]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 don Spáinn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Spáinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Spáinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Spáinne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Spáinne: 3,7 % in 2025, 3,5 % in 2026, 3,2 % in 2027 agus 3,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 9,2 % in 2025, 13,0 % in 2026, 16,6 % in 2027, agus 20,1 % in 2028. An 30 Aibreán 2025, chuir an Spáinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([9]) isteach, maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Spáinne i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([10]), tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Spáinne ó 3,5 % de OTI in 2023 go 3,2 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 105,1 % de OTI ag deireadh 2023 go 101,8 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 3,5 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Spáinn gurb é 4,1 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos ísle ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Tá an difríocht idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta mar gheall ar mheastachán difriúil ar an athrú (ó 2023) ar chómhaoiniú náisiúnta chláir an

([9]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

([10]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

Aontais. Úsáideann an Coimisiún figiúirí arna dtuairisciú ag IGAE do Eurostat, agus arna mbailíochtú ag Eurostat, ach baineann an Spáinn úsáid as meastacháin na hAireachta Airgeadais féin. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([11]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach chrapthach ann in 2024, mar atá 0,3 % de OTI. An 4 Meitheamh 2025 ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) de CFAE ([12]). Sa tuarascáil sin, rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na Spáinne, toisc go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2024 níos mó ná an luach tagartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, go meastar go bhfuil an critéar easnaimh comhlíonta. I bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún ag an bpointe seo a mholadh i mí an Mheithimh tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Spáinne, tá coinne le fás fíor-OTI 2,6 % in 2025 agus 2,2 % in 2026. Áirítear réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha go dtí 2028 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ní áirítear réamh-mheastacháin ICPT sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([13]). Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,6 % in 2025 agus faoi 2,0 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,3 % ann in 2025 agus 1,9 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,8 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 101,7 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,1 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 2,8 % de OTI ann in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó céimniú amach iomlán na mbeart tacaíochta fuinnimh agus tionchar na n-athchóirithe cánach a glacadh le déanaí. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,2 % in 2025. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 0,3 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 100,9 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 den chuid is mó fás OTI ainmniúil atá níos tapúla ná an fá ar an gcostas a bhaineann le seirbhísiú fiachais.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas níos lú ná 1,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,8 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Spáinne.

(17) 1,0 % de OTI in 2021, 1,1 % de OTI in 2022 agus 0,9 % de OTI in 2023, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta san Spáinn ([14]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,0 % de OTI in 2024 agus 1,3 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,3 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Spáinn faoi 4,2 % in 2025 agus gur fás carnach 7,9 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Spáinne in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall ([15]) 0,2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Ní sháraíonn an diall réamh-mheasta an tairseach 0,3 % de OTI don diall bliantúil. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a mholtar.

([11]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([12]) Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 4.6.2025, COM(2025) 615 final.

([13]) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, ní chuireann údaráis na Spáinne san áireamh ach figiúirí le haghaidh dhíbhoilsceoir an tomhaltais phríobháidigh, a réamh-mheastar gurb éard a bheidh ann 2,7 % in 2025 agus 2,4 % in 2026.

([14]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

([15]) Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(19) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 2,5 % de OTI in 2026. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2026 den chuid is mó dul in éag ionchasach na mbeart éigeandála a bhaineann le tuilte. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 3,9 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 100,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026.

(20) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Spáinne, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin bearta atá ann cheana agus bearta treisithe ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, amhail athchóirithe i réimse an chánachais agus an chomhraic i gcoinne na calaoise cánach, athchóirithe chun cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, agus infheistíochtaí i réimsí an chlaochlaithe dhigitigh, an aistrithe ghlais agus na táirgiúlachta, chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise amhail comhchreat rialála gnó a chur in úsáid, sonrasc leictreonach éigeantach a thabhairt isteach, agus infheistíochtaí i gcaipiteal daonna, caipiteal fisiceach. Agus an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil ina Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, maidir le cur chun feidhme an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh na tréimhse coigeartúcháin a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2025, measann an Coimisiún go ndearnadh iad a chur chun feidhme cé is moite de ghnéithe áirithe de bheart C28.R3 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne agus den chloch míle ghaolmhar maidir le teacht i bhfeidhm athchóirithe cánach arna ndíorthú ó mholtaí an tsainghrúpa nó anailísí eile a rinne an Aireacht Airgeadais.

Príomhdhúshláin bheartais

(21) Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas a bhaineann le cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus pinsin de bharr forbairtí déimeagrafacha. Mar gheall ar na riachtanais fhoriomlána maidir le comhdhlúthú fioscach, tá gá le tuilleadh athchóirithe chun an córas cánach a nuachóiriú agus a oiriúnú i réimsí amhail cánacha tomhaltais, cánachas ioncaim phearsanta agus cánachas comhshaoil i gcomhréir leis na hathchóirithe cánach faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoin bplean meántéarmach. Ba iad cánacha saothair (50,5 % d'ioncam cánach in 2022) an phríomhfhoinse ioncaim chánach sa Spáinn in 2022. B'ionann an t-ioncam ó cháin saothair agus 19,1 % de OTI in 2022 (meán an Aontais 17,3 % agus meán an limistéir euro 17,7 %). Tá an Spáinn ar cheann de thíortha an Aontais ag a bhfuil an t-ioncam is ísle ó chánacha tomhaltais (9,7 % de OTI i gcomparáid le 10,9 % san Aontas in 2022). Tá cánacha comhshaoil faoi bhun mheán an Aontais freisin: 1,52 % de OTI i gcomparáid le 2,02 % de OTI san Aontas in 2022. Ní dhéanann córas cánach na Spáinne na costais chomhshaoil a bhaineann le húsáid uisce agus díosail a inmheánú go leordhóthanach. Leis na hathchóirithe atá dírithe ar ról na gcánacha indíreacha a mhéadú (tomhaltas agus comhshaol), d'áiritheofaí ioncam fioscach, thacófaí le cruthú post agus le gníomhaíocht eacnamaíoch amach anseo agus laghdófaí an saobhadh eacnamaíoch a eascraíonn as ualach mór na gcánacha saothair ag an am céanna. Bheadh cuíchóiriú sochar cánach ina uirlis chun an cánachas tomhaltais a shimpliú agus chun an bhearna bheartais CBL a laghdú. Laghdaigh an córas cánach agus sochair comhéifeacht Gini in 2022 faoi 7,6 phointe céatadáin, rud a bhí gar do mheán an Aontais de 7,9 pointe céatadáin. Mar sin féin, tá an Spáinn san 18ú háit in innéacs GINI maidir le dáileadh ioncaim roimh aistrithe sóisialta agus tá sí rangaithe sa 21ú háit i ndáileadh an ghlanioncaim iomláin. Chuirfí tuilleadh feabhais ar chomhtháthú sóisialta trí choigeartuithe breise a dhéanamh ar fhorchéimnitheacht an chánachais ioncaim phearsanta agus na gcánacha rachmais.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Spáinne leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá dul chun cinn déanta ag an Spáinn cheana féin maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh an Spáinn dlús le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. Mar gheall ar mhéid agus ar chastacht an phlean, tá gá le gníomhaíocht shonrach spriocdhírithe chun a áirithiú go gcuirfear athchóirithe agus infheistíochtaí i gcrích go tráthúil. Tá gá le haird ar leith chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin, go háirithe i bhfianaise chomhchruinniú na n-infheistíochtaí i dtreo dheireadh na tréimhse cur chun feidhme. Is measa fós na dúshláin sin mar gheall ar an méid mór cistí a chuirtear ar fáil trí ionstraimí airgeadais faoin bplean leasaithe téarnaimh agus athléimneachta. Ach comhordú níos láidre a chothú idir leibhéil éagsúla riaracháin, mar aon le

nósanna imeachta a chuíchóiriú, chuideofaí le dlús a chur le hionsú cistí agus d'áiritheofaí go sroichfidh an tacaíocht na tairbhithe deiridh go pras. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Sa Spáinn, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Spáinn ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Spáinn, lena n-áirítear na dúshláin sin a bhaineann le feabhas a chur ar nuálaíocht agus ar iomaíochas i gcomhthéacs an aistrithe thionsclaíoch, le hoibrithe a uas-sciliú agus ETIM a chothú san oideachas agus san oiliúint, chomh maith le feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht inacmhainne i gcathracha móra agus i limistéir atá dian ar thurasóireacht, agus athléimneacht uisce a mhéadú, go háirithe i réigiúin na Meánmhara agus ar na hOileáin Chanáracha. Tá sé ríthábhachtach freisin cur chun feidhme éifeachtach na Ráthaíochta do Leanaí a áirithiú. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Spáinn – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([16]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais comhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(24) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Spáinn an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Spáinn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá fós ann a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, éifeachtúlacht bhreithiúnach, bonneagar fuinnimh trasteorann, bainistiú uisce agus athléimneacht uisce, ganntanas soláthair tithíochta, infhaighteacht tithíochta sóisialta, cothroime shóisialta (go háirithe i ndáil le bochtaineacht leanaí), ganntanas scileanna agus mímheaitseálacha scileanna agus luathfhágáil na scoile.

(26) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad, agus i gcás FBManna 35 % ar a laghad; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Spáinn beart a dhéanamh freisin. Measann 71 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Spáinn ([17]). Tá deis ag an Spáinn rialáil a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Tá méadú tagtha ar líon na rialachán sa Spáinn le blianta beaga anuas, agus tá méadú suntasach tagtha air mar gheall ar thionchar COVID-19. In 2022 amháin, ghlac riarachán na Spáinne 11 775 norm nua. Measann tromlach suntasach de ghnólachtaí sa Spáinn gur bac mór ar infheistíocht é an rialáil. Ní mór don Spáinn feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó tríd an gcomhordú idir críocha agus leibhéil rialtais a threisiú, trí dheireadh a chur le bacainní rialála ar gach leibhéal, agus tríd an ualach riaracháin ar ghnó ó lá go lá a mhaolú. D'fhéadfadh togra na Spáinne maidir leis an '20ú córas' feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do chuideachtaí.

(27) Tá bearta tábhachtacha déanta ag an Spáinn chun éifeachtúlacht sa chóras ceartais a fheabhsú ach tá dúshláin fós ann. Cé go rannchuidíonn na hathchóirithe atá beartaithe i bPlean Téarnamh agus Athléimneachta na Spáinne le héifeachtúlacht bhreithiúnach a fheabhsú, tógann sé tamall fada fós chun cásanna a réiteach i gcúirteanna sibhialta agus tráchtála. D'fhéadfadh go leor neamhéifeachtúlachtaí eacnamaíocha a bheith mar thoradh air sin, amhail margaí

([16]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma – COM(2025) 123 final.

([17]) 'Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas', Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

réadmhaoine nach bhfuil chomh feidhmiúil céanna, níos lú fiontraíochta agus infhaighteacht creidmheasa níos ísle, i measc nithe eile. Bheadh sé tairbhiúil éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú, mar shampla trí acmhainní daonna agus ábhartha a mhéadú agus trí leibhéal cothrom digiteála a bhaint amach idir críocha.

(28) Chun borradh a chur faoi iomaíochas gnólachtaí sa Spáinn, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na bacainní a chuireann bac ar fhás agus oibríochtaí gnó, go háirithe do ghnólachtaí beaga agus nua. Chomh maith leis na hathchóirithe a ghlac an Spáinn i gcomhthéacs an phlean téarnaimh agus athléimneachta, amhail an 'Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí agus an Dlí maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun bacainní airgeadais agus riaracháin ar fhás gnó a laghdú. Tá acmhainneacht shuntasach ann feabhas a chur ar an gcomhar idir-riaracháin, go háirithe maidir le nósanna imeachta rialála agus riaracháin a bhfuil tionchar díreach acu ar oibríochtaí gnó. Go háirithe, díspreagann difríochtaí rialála idir críocha cuideachtaí ó leathnú ar fud na réigiún ag an am céanna, rud a chuireann teorainn leis an deis le haghaidh nuálaíochta, fáis, speisialtóireachta agus gnóthachan éifeachtúlachta. Cé go bhfeidhmíonn an Spáinn go maith ó thaobh barr feabhais eolaíoch de agus go bhfuil córas taighde aici a mheallann tallann intíre agus eachtrach araon, leanann an tír de bheith ag feidhmiú faoi bhun mheán an Aontais maidir leis an nuálaíocht fhoriomlán. Tá an Spáinn fós ag tearcfheidhmiú maidir le naisc eolaíochta-gnó. Go sonrach, tá caiteachas T & F, go háirithe infheistíocht phríobháideach T & F, fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus tá sé scaipthe go míchothrom ar fud na réigiún. Tá glacadh teoranta ag scéimeanna tacaíochta poiblí chun tacú le hinfheistíocht phríobháideach T & F le déanaí, i ngeall ar a gcastacht agus an t-ualach riaracháin iomarcach a chuireann siad ar thairbhithe féideartha.

(29) Tá limistéir mhóra sa tír faoi strus uisce, agus is mó an t-éileamh ar uisce go háirithe ón talmhaíocht, ón turasóireacht agus ón bhfuinneamh ná na hacmhainní uisce atá ar fáil faoi dhálaí inbhuanaithe. Chomh maith leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais sa Spáinn, is saincheist mhór fós é feabhas a chur ar bhainistiú uisce sa Spáinn, go háirithe i ndáil le rialachas uisce, athshlánú dobharlach agus éifeachtúlacht uisce. Ina theannta sin, chabhrófaí leis an leas is fearr a bhaint as na bearta atá ann cheana le sásraí chun comhordú a fheabhsú idir leibhéil éagsúla an rialtais, lena n-áirítear bearta chun cabhrú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach.

(30) Bíonn tionchar díreach ag rioscaí aeráide ar gheilleagar agus ar shochaí na Spáinne, agus bíonn líon ard básanna agus caillteanais eacnamaíocha mar thoradh ar an aimsir agus ar theagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aeráid. Tá gá le tuilleadh infheistíochta i mbonneagar chun an córas uisce a dhéanamh níos athléimní. Éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, amhail tuilte, creimeadh cósta agus ithreach, fairsingiú fásaigh, triomaigh, tonnta teasa agus dóiteáin foraoise, is é ceann de na dúshláin is mó sa Spáinn na héifeachtaí sin a thuar agus oiriúnú dóibh. Trí bhorradh a chur faoin obair sin, chuirfí feabhas freisin ar athléimneacht uisce na tíre.

(31) Tá rioscaí suntasacha ag baint le díghrádú an dúlra do gheilleagar agus d'iomaíochas na Spáinne. Tá an leibhéal is airde spleáchais ar sheirbhísí éiceachórais don slabhra soláthair san Aontas ag an Spáinn, agus tá roinnt earnálacha amhail talmhaíocht, iascach, tógáil agus fóntais uisce ag brath go hiomlán ar sheirbhísí éiceachórais. Mura gcoinnítear acmhainneacht na n-éiceachóras maidir le seirbhísí a sholáthar, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith i gceist nó fiú stop a chur le táirgeadh sna hearnálacha sin. Dá ndéanfaí na príomhéiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, d'áiritheofaí iomaíochas fadtéarmach na n-earnálacha eacnamaíocha sin. Go sonrach, tá tionchair shuntasacha fós ag an gcóras agraibhia ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, rud a fhágann gur gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun tacú le glacadh cleachtas talmhaíochta inbhuanaithe.

(32) Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Spáinn maidir le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus tá ceann de na toilleadh suiteáilte is airde de chumhacht ghaoithe agus gréine san Aontas aici. Tá leibhéal idirnaisc leictreachais trasteorann na Spáinne in 2025 (níos lú ná 5 %) fós i bhfad faoi bhun na spriocanna idirnaisc do 2030 (15 %). Dá leanfaí d'fhorbairt líonraí agus réiteach stórála, chuideofaí le tacú le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán fuinnimh na Spáinne.

(33) Bíonn tionchar ag an nganntanas tithíochta agus ag an éifeacht atá aige ar phraghsanna tithe ar ioncam indiúscartha teaghlach agus is dúshlán é, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do dhaoine óga. Léiríonn sonraí ó Bhanc na Spáinne go gcaitheann beagnach 40 % de thionóntaí na Spáinne 40 % dá n-ioncam ar chíos agus ar fhóntais, i gcomparáid le meán an Aontais de 27 %, agus go bhfuil easnamh tithíochta thart ar 600 000 aonad i ngeilleagar na Spáinne. Tá an t-athchóiriú ar an dlí talún ar feitheamh agus d'éascódh sé forbairt tithíochta nua trí amanna próiseála a laghdú, cobhsaíocht rialála a chur chun cinn agus deireadh a chur le scrogaill riaracháin nach bhfuil gá leo. Dá ndéanfaí modhanna tógála nuálacha a chur chun cinn a thuilleadh, d'fhéadfaí an táirgiúlacht a mhéadú agus tacú leis an soláthar tithíochta. Tá sé ríthábhachtach cosc a chur ar ghanntanais lucht saothair in earnáil na tógála, ós rud é – de réir Bhanc na Spáinne – go dtuairiscíonn os cionn 50 % d'fhostóirí san earnáil go bhfuil deacrachtaí acu oibrithe a aimsiú.

(34) Tá ganntanas ann i soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta, ag ráta atá go mór faoi bhun mheán an Aontais. Tá sé fíor-riachtanach na tosca a chuireann srian ar an soláthar a aisiompú chun borradh a chur faoi thógáil chónaithe agus chun an margadh cíosa a leathnú. Ba cheart díriú ar thithíocht inacmhainne a sholáthar go tapa, go háirithe do dhaoine óga agus do theaghlaigh ar ioncam íseal. De réir Bhanc na Spáinne, níl i stoc na tithíochta ar cíos sóisialta ach 1,5 % den stoc tithíochta iomlán, go mór faoi bhun mheán 9 % an Aontais. Dá ndéanfaí talamh poiblí a shaoradh, stoc na tithíochta ar cíos sóisialta a leathnú agus maoiniú do thithíocht inacmhainne agus shóisialta a mhéadú, chuirfí borradh faoi infhaighteacht tithíochta.

(35) I gcomhthéacs rioscaí arda bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, is dúshlán struchtúrach suntasach í bochtaineacht leanaí don chothroime shóisialta agus don iomaíochas amach anseo. Tá breis agus páiste amháin as gach triúr i mbaol na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta. Is iad leanaí ó chúlra imirceach agus Romach na leanaí is mó atá thíos leis, leanaí i dteaghlaigh aontuismitheora, leanaí a bhfuil leibhéal íseal oideachais nó meánleibhéal oideachais ag a dtuismitheoirí agus leanaí ó theaghlaigh ísealdéine oibre. Tá an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta ard freisin agus é ag ráta atá os cionn mheán an Aontais. D'fhéadfaí leas an linbh a fheabhsú trí rochtain níos cothroime ar thacaíocht shóisialta agus ar bhearta cosanta ioncaim a áirithiú, agus soláthar níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe a áirithiú maidir leis na nithe sin. Trí neartú agus dlús a chur le cur chun feidhme na Ráthaíochta do Leanaí, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí bunúsacha amhail béilí scoile agus tithíocht a áirithiú, d'fhéadfaí cuidiú le tionchar na bochtaineachta leanaí a mhaolú agus tarchur míbhuntáistí ó ghlúin go glúin a chosc. An scéim ioncaim íosta (Ingreso Mínimo Vital — IMV) agus an forlíonadh tacaíochta do leanaí (Complemento de Ayuda para la Infancia — CAPI), is uirlisí ríthábhachtacha iad chun an bhochtaineacht a laghdú agus rinneadh iarrachtaí leanúnacha le blianta beaga anuas chun a gcur chun feidhme a neartú. Mar sin féin, d'fhéadfaí rátaí glactha ísle a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí trí fheasacht a fheabhsú agus bacainní riaracháin a laghdú. Tionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta, lena n-áirítear ar bhochtaineacht leanaí, tá sé i measc na dtionchar is ísle san Aontas. D'ainneoin roinnt feabhsuithe, tá an neamhionannas ioncaim fós ard agus os cionn mheán an Aontais, agus tá éifeacht athdháilte na gcánacha agus na sochar teoranta freisin. Trí mhionchoigeartú a dhéanamh ar dhearadh na n-asbhaintí cánach a bhaineann le leanaí atá ann faoi láthair, tugtar deis tacaíocht a neartú do na daoine is leochailí. Trí thacaíocht spriocdhírithe a mhéadú do theaghlaigh agus do leanaí, agus trí dhifríochtaí réigiúnacha leanúnacha a laghdú, d'fhéadfaí cuidiú le feabhas a chur ar thorthaí sóisialta. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim ó sheirbhísí an Choimisiúin bunaithe ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta ([18]).

(36) Bíonn tionchar ag bacainní leanúnacha ar an aistriú ón oideachas go dtí an obair sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET), go háirithe ar an meánleibhéal, agus in oideachas ollscoile. Is saincheisteanna práinneacha fós iad leibhéil ísle bunscileanna agus rátaí arda daltaí a fhágann an scoil go luath. Tá sciar suntasach de dhaoine 15 bliana d'aois ann nach bhfuil ag feidhmiú go maith sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht. Is beag mac léinn a bhaineann barrfheidhmíocht amach, rud a chuireann táirgiúlacht agus iomaíochas amach anseo i mbaol. D'ainneoin an mhéadaithe atá ag teacht i gclárú don ghairmoideachais agus don ghairmoiliúint, tá an clárú i gcláir meánscoile uachtaraí agus i gcláir dhéacha teoranta i gcónaí. Rátaí ísle fostaíochta maidir le céimithe meánoilte gairmoideachais agus gairmoiliúna agus sciar íseal na ndaoine fásta a bhfuil cáilíochtaí idirmheánacha acu, léiríonn siad mímheaitseáil bhunúsach scileanna. Laghdaíonn clárú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint le dul in aois agus le leibhéal oideachais níos ísle, rud a chuireann leis an neamhionannas, go háirithe do dhaoine níos sine, d'fhir agus do dhaoine a bhfuil leibhéil ísle scileanna acu. Mar gheall ar ghlacadh íseal na foghlama aosaí, laghdaítear deiseanna chun dul in oiriúint do riachtanais athraitheacha an mhargaidh fostaíochta, rud a bhaineann an bonn den táirgiúlacht agus den iomaíochas freisin.

(37) Tá méadú ag teacht i gcónaí ar ráta na leanaí atá cláraithe in oideachas agus i gcúram na luath-óige, ach tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann. Is suntasach freisin na difríochtaí réigiúnacha i ndáil le bunscileanna a bhaint amach. Is dúshlán fós é daltaí a fhágann an scoil go luath, agus tá difríochtaí leanúnacha ann ar an leibhéal réigiúnach agus idir na hinscní.

(38) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Spáinne, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (6) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4), (5) agus (6) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

([18]) SWD(2025)95 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Spáinn in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. An inbhuanaitheacht fhioscach a neartú a thuilleadh tríd an gcóras cánach a athbhreithniú agus a shimpliú, lena n-áirítear trí chuid den ualach cánach a aistriú ón saothar i dtreo cánachas comhshaoil, tomhaltais agus maoine dochorraithe, chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht, leis an gcomhtháthú agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe [(CFRE, CUAC, CSE+)], agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin mar aon le hilroinnt rialála ar fud na réigiún a laghdú. Éifeachtúlacht bhreithiúnach a mhéadú trí imeachtaí breithiúnacha a chuíchóiriú agus tríd an gcóras ceartais a dhigiteáil a thuilleadh i ngach réigiún. Cruthú gnó, nuálaíocht ghnó agus leathnú gnó a éascú, lena dtacaítear le hinfheistíochtaí T&N agus naisc níos láidre idir an eolaíocht agus an gnó.

4. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce chun an t-oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhainistiú ar bhealach níos fearr, trí chomhordú a neartú ar fud gach leibhéil rialtais agus comhlachtaí riaracháin agus trí réitigh a mhéadú maidir le laghdú rioscaí triomaigh agus tuilte agus bainistiú inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht, trí éifeachtúlacht uisce a mhéadú agus infheistíochtaí bonneagair a leathnú, agus trí thacú le réitigh dhúlrabhunaithe a chur i bhfeidhm. Infheistíocht a dhéanamh i stóráil fuinnimh, i dtarchur agus i ndáileadh leictreachais agus in idirnaisc leictreachais trasteorann.

5. An soláthar tithíochta a mhéadú tríd an athchóiriú ar an dlí talún a thabhairt chun críche, amanna próiseála ceadaithe a laghdú, scrogaill riaracháin a dhíothú, agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair in earnáil na tógála. Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a neartú.

6. Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, agus éifeachtúlacht, cumhdach agus leordhóthanacht na n-aistrithe sóisialta agus an chúnaimh shóisialta a fheabhsú an tráth céanna. Ganntanais agus neamhréireanna scileanna a laghdú trí dhéchóras oideachais agus gairmoiliúna a neartú, agus tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú, go háirithe do dhaoine ar bheagán oiliúna. Bunscileanna a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile, agus éagsúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE